# Cruthaitheacht i nGniomh




**2023**

Tuarascáil Éire Ildánach ar Dhul Chun Cinn

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

## 2023 Cruthaitheacht i nGníomh

Réamhrá

Buaicphointí 2023

Pobail Ildánacha

Óige Ildánach

Cruinniú na nÓg 2023

Sláinte agus Folláine Ildánach

Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte le hÉire Ildánach 2023-2025

# Réamhrá

Cuireadh síneadh 5 bliana eile go dtí an bhliain 2027 le Clár Éire Ildánach sa bhliain 2023. Chomh maith leis na cláir oibre sheanbhunaithe, Pobail Ildánacha agus Óige Ildánach, leanfar le tosaíochtaí nua sna Tionscail Ildánacha, i Sláinte agus Folláine Ildánach agus i nGníomhú ar son na hAeráide. Déanfar forbairt sa Chlár freisin le tacaíocht ó Roinn an Taoisigh ar an ngné maidir le hOileán Comhroinnte.

Bhí áthas orm féin agus ar mo chomhghleacaí, Kieran O'Donnell, Aire Stáit le freagracht as Rialtas Áitiúil agus Pleanáil, fáilte a chur roimh Chathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh agus Comhordaitheoirí Ildánacha Éire Ildánach ó 31 údarás áitiúil go Farmleigh lena Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta 2023 -2027 faoi stiúir an phobail a sheoladh agus feidhmeoidh siad seo mar chatalaíoch do phobail atá níos fuinniúla, níos nasctha agus níos inbhuanaithe.

Tá ceapadh Comhordaitheoir Éire Ildánach i measc a bhfoirne sinsearaí ag gach aon údarás áitiúil ríthábhachtach do rathúlacht leanúnach an Philéir, Pobail Ildánacha. Chun cur le rathúlacht an chur chuige seo agus chun treallús a chur faoi fheidhmiú leanúnach a Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta 2023 -2027, tá Oifigeach Rannpháirtíochta do Phobail Ildánacha ceaptha ag gach údarás áitiúil freisin – poist atá á gcómhaoiniú ag mo Roinn féin. Cinnteoidh sé seo comhoibriú níos fearr idir foirne Cultúir agus Cruthaitheacha i ngach Údarás Áitiúil ó thaobh tionscadail agus imeachtaí a chur ar fáil a thugann rannpháirtíocht agus spreagadh do na pobail áitiúla. Is ionann an bonneagar seachadta seo agus tiomantas thar a bheith suntasach agus fadtéarmach chun rochtain a éascú agus rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheachta ar fud na tíre.

I Márta, sheol an tAire Foley, an tAire O'Gorman agus mé féin Plean Óige Ildánach 2023-2027 i nDánlann Náisiúnta na hÉireann. Tá sé mar chuspóir leis an bplean, atá deartha i gcomhairle le daoine óga, tírdhreach cruthaitheach a chothú ina mbeidh na saoránaigh óga faoi bhláth. Seoladh Ciste um Chothú Óige Ildánach freisin sa bhliain 2023 chun teagmháil a dhéanamh le grúpaí daoine óga nach gcloistear uathu go minic.

Tar éis rathúlacht an chéad Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide, bhí an tAire Eamon Ryan agus mé féin thar a bheith sásta 43 faighteoir rathúil a fhógairt faoi Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide – Gníomhairí an Athraithe, atá á chómhaoiniú ag mo Roinn agus ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). Tá sé mar chuspóir leis an gciste nua €5.8milliún seo daoine ar Oileán na hÉireann a nascadh go stuama leis an ngá atá le hathrú iompair ó thaobh gníomhú ar son na hAeráide trína blianta 2024 agus 2025.

I ndeireadh na bliana 2022 d'fhógair an Taoiseach go mbeadh leithdháileadh de €6 milliún ón gCiste d'Oileán Comhroinnte á úsáid ag Éire Ildánach ar feadh trí bliana chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhoibriú, nascacht agus comhthuiscint a fheabhsú agus chun a bheith rannpháirteach leis na pobail agus leis na traidisiúin go léir chun cur le comhthoil i leith todhchaí chomhroinnte. Táim bródúil as an obair atá déanta ag Éire Ildánach chun tionscadail stuama an Oileáin Chomhroinnte a chur ar siúl ar fud a gclár sa bhliain 2023 le béim faoi leith ar Phobail Ildánacha agus ar Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide.

Trí oibriú lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte, FSS agus sa Chomhairle Ealaíon, lean Éire Ildánach lena tacaíocht d'Fholláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht, tionscnaimh Oideasaithe Shóisialta agus lena chlár taighde faoi Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois (TILDA), chun tuilleadh iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na cruthaitheachta ar shláinte agus ar fholláine daoine níos sine. Thugamar Comhordaitheoirí agus Oifigigh Rannpháirtíochta Éire Ildánach agus Comhordaitheoirí Éire Shláintiúil agus Oifigigh Shláinte agus Folláine FSS le chéile i mí na Samhna, agus tarraingíodh aird ar na deiseanna móra atá ann do na líonraí seo go léir ó thaobh cúnamh stát ar mhaithe le treisiú a dhéanamh ar chomhoibriú eatarthu.

Catherine Martin
**An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán**



Ailbhe Gerrard agus an tAire Catherine Martin, Brookfield Farm.
Íomhá ó Aengus McMahon

# Buaicphointí 2023

# Buaicphointí 2023

Faigheann Clár Éire Ildánach tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is clár cultúir agus folláine uile rialtais atá ionainn agus tá sé mar uaillmhian againn daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus athrú ó bhonn a chur orthu tríd an gcruthaitheacht. Táimid tiomanta don fhís gur cheart go mbeadh deis ag gach uile dhuine teacht in inmhe go hiomlán ó thaobh cruthaitheachta de.

**€6 milliún** do thionscnaimh an Oileáin Chomhroinnte ó 2023-2025

**€5.8 milliún** do 43 Tionscadal maidir le Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

**31** Straitéis Cultúir agus Cruthaitheacht Nua Údaráis Áitiúil seolta

Plean Óige Ildánach **Nua** seolta

Reáchtáladh **os cionn 850** imeacht de Chruinniú na nÓg i mí an Mheithimh 2023

# Pobail Ildánacha



Seoladh in Farmleigh
Íomhá le Barry Cronin

# Pobail Ildánacha

Tá leas a bhaint as acmhainneacht chruthaitheachta ár muintire agus ár bpobal mar bhunchloch Chlár Éire Ildánach.

I mí Feabhra 2023, sheol an tAire Catherine Martin i gcomhar leis an Aire Stáit, Kieran O'Donnell agus le Méaraí, Cathaoirligh, Príomhfheidhmeannaigh, Stiúrthóir Seirbhísí agus Comhordaitheoirí Éire Ildánach ar fud na tíre, 31 Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta ag imeacht ceiliúrtha in Farmleigh.

Bhí fócas níos mó i Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-2027 ar shláinte agus ar fholláine, ar thionscail chruthaitheacha, ar ghníomhú ar son na haeráide, ar fhorbairt na Gaeilge agus ar inbhuanaitheacht shóisialta. Tabharfar tosaíocht freisin do dheiseanna cruthaitheachta a fhorbairt do phobail atá ar an imeall agus orthu siúd atá i mbaol ag míbhuntáiste.

Léirítear uaillmhianta cruthaitheachta ár bpobail sna straitéisí agus spreagfaidh siad daoine le bheith rannpháirteach agus a n-acmhainn chruthaitheach a chumasú.

Chun tacú le leathadh amach na Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta thug an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le tacaíocht ó Chumann Comhairlí Contae is Cathrach (CCMA) tiomantas a bheith rannpháirteach leis an Oifigeach Rannpháirtíochta Pobail Ildánacha i ngach údarás áitiúil. Oibreoidh siad feasta go dtí an bhliain 2027 leis an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta ina nÚdarás Áitiúil chun tosaíochtaí straitéiseacha a Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta áitiúil a sheachadadh agus chun tacú le seachadadh **Cruinniú na nÓg**, an lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga.

31

*Straitéis Cultúir agus Cruthaitheacht* Nua Údaráis Áitiúil seolta

# 31 Local Authorities Commit to New Creative Ireland Culture and Creativity Strategies



https://www.youtube.com/watch?v=TxSjyVo6AYA

# Óige Ildánach



GMC Beats, Gorta
Íomhá le Sean Downey


# Óige Ildánach

**Seoladh an Phlean Óige Ildánach**
Sheol an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, an tAire Oideachais Norma Foley TD, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Roderic O'Gorman TD, agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, Plean Óige Ildánach nua 2023-2027 i nDánlann Náisiúnta na hÉireann i mí an Mhárta agus bhí na daoine óga i lár an aonaigh. Soláthróidh an plean nua seo, ag cur le rathúlacht na gcúig bliana atá caite, tuilleadh deiseanna ar fáil don uile dhuine ó bhreith go 24 bliain d'aois, do rannpháirtíocht chruthaitheach i ngach ghné dá saoil.
Léigh tuilleadh anseo

**An Ciste um Chothú**
Fógraíodh an Ciste um Chothú Óige Ildánach in Aibreán na bliana 2023. Tá an ciste píolótach ar an gcéad cheann dá leithéid in Éirinn agus tá sé mar chuspóir leis go mbeadh guth ag leanaí agus ag daoine óga agus gníomhaíochtaí cruthaitheachta á bpleanáil dóibh agus á gcur i bhfeidhm. Díríonn sé freisin ar na daoine óga sin is lú a mbíonn fáil acu ar dheiseanna cruthaitheachta agus tacaíonn sé le heagraíochtaí agus le daoine aonair atá in ann teacht ar ghrúpaí daoine óga nach gcloistear uathu go minic. Cuireadh tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí a thacaíonn le dídeanaithe óga, le daoine óga de phobal an Lucht Siúil óg, le daoine óga atá faoi choinneáil agus le daoine óga atá ag fágáil an chórais cúraim, i measc daoine óga eile. Bronnadh €727,234 ar an iomlán ar naoi gcinn de thionscadail ar fud na tíre.
Léigh tuilleadh anseo

**Comhpháirtíocht Áitiúil Nua Óige Ildánach**
Ón tús thacaigh Clár Éire Ildánach le bunú Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach. Tá na comhpháirtíochtaí láraithe sna Boird Oideachais agus Oiliúna áitiúla, agus tugann siad rannpháirtíocht do dhaoine óga i raon leathan gníomhaíochtaí cruthaitheachta ina gcuid pobal. Tar éis scéimeanna píolótacha rathúla i gCiarraí, Laois/Uíbh Fhailí agus Luimneach/an Clár, tá Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach (LCYPanna) i gCorcaigh, Maigh Eo/Liatroim, Gaillimh/Ros Comáin. I mí an Mheithimh tháinig Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin/Mhuineacháin isteach i dteaghlach Óige Ildánach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. D'éirigh thar barr leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach ó thaobh deiseanna nua agus nuálacha agus cruthaitheacha chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga lasmuigh den scoil. Díríonn siad ar na daoine óga is mó atá faoi mhíbhuntáiste.
Léigh tuilleadh anseo

## Nua
Plean Óige Ildánach
Nua seolta



Plean Cruthaitheach na hÓige 2023–2027

# Cruinniú na nÓg 2023



Seoladh Chruinniú na nÓg 2023
Íomhá le Mark Stedman

# Cruinniú na nÓg 2023

Cruinniú na nÓg, an lá náisiúnta cruthaitheachta saor in aisce do leanaí agus do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois. Is í Éire, an chéad tír agus an t-aon tír amháin ar domhan ina bhfuil a leithéid seo de lá.

Tá uaillmhian agus comhiarracht ríthábhachtach le rathúlacht tionscnamh de chineál ar bith a chinntiú. Ar na comhpháirtithe tábhachtacha ó thaobh Cruinniú na nÓg a sheachadadh tá Foirne Cultúir agus Cruthaitheacha na n-údarás áitiúil i gcónaí. Arís i mbliana, tháinig Údaráis Áitiúla ar fud na hÉireann le chéile mar aon le líon mór ealaíontóirí, cumadóirí agus daoine cruthaitheacha chun forbairt agus seachadadh a dhéanamh ar 850 gníomhaíocht do dhaoine óga agus do theaghlaigh le sult a bhaint astu, ó cheardlanna agus ranganna teagaisc go léamh filíochta agus léitheoireacht.

Chuir comhpháirtithe straitéiseacha deiseanna móra rannpháirtíochta náisiúnta ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga sa bhliain 2023. Rinne Irish Street Arts & Circus leathadh amach ar **Circus Explored** don dara bliain as a chéile, le dáileadh trealamh brandáilte sorcais, Plátaí Guairneála agus iad go léir saor in aisce mar thaca buan sorcais a bhí inacmhainne, iniompartha, inrochtana don uile aois agus don uile chumas.

Rinne GMC Beats ceardlanna i gcumadh amhrán cruthaitheach, rapáil, amhránaíocht, taifeadadh, déanamh rithim agus teicneolaíocht cheoil a sheachadadh do scoileanna agus do ghrúpaí óige. Don bhliain 2023, rinneadh **Rhyme Island - Rap is for Everyone** – a dhearadh mar thionscnamh le daoine óga i bpobail atá ar an imeall ar fud na hÉireann a spreagadh chun iad féin a chur in iúl trí rap, amhránaíocht agus scríobh amhráin. Chríochnaigh sraith ceardlanna a cuireadh i láthair ar líne agus go pearsanta suas le taispeántas de rap na hóige agus rithim na hóige i nDún Eilíse i gCathair Chorcaí.

Le blianta beaga anuas, is ionann an obair a chuirtear i láthair i gcomórtas ealaíne ar líne ar **RTÉ's This Is Art!**, agus tús a chur le bailiúchán uathúil agus cumhachtach náisiúnta de na saothair ealaíne atá idir lámha ag daoine óga. Is léiriú buan agus tábhachtach atá ann de chruthaitheacht daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann. Trína gcuid ealaíne, soláthraítear stair bheo de léiriú cruthaitheach daoine óga sa fhreagra ionraic agus comhaimseartha ar na saolta seo.

850

Reáchtáladh os cionn 850 imeacht de Chruinniú na nÓg i mí an Mheithimh 2023



Cruinniú na nÓg
Íomhá le Mark Stedman

# Sláinte agus Folláine Ildánach



Oibrithe Deonacha Painéal Co. Lú
Íomhá le Sean McMahon

# Sláinte agus
# Folláine Ildánach

Lean Éire Ildánach, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, FSS agus an Chomhairle Ealaíon le Folláine an Lucht Siúil, trí **thionscnamh píolótach Cruthaitheachta** sa bhliain 2023. Tá sé mar chuspóir leis an gclár nuálach seo tacú le tionscadail chruthaitheacha a mbeidh tionchar dearfach acu ar shláinte agus ar fholláine an Lucht Siúil.

## Folláine an Lucht Siúil Trí Chruthaitheacht, Éire Chruthaitheach



https://www.youtube.com/watch?v=NRT27SpziGs

Fógraíodh, i mí an Mheithimh, torthaí an chomhoibrithe taighde leanúnach idir Éire Ildánach agus **Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois**, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Áirítear ar na príomhthorthaí:

- Bíonn caighdeáin saoil níos fearr agus leibhéil níos ísle dúlagair, struis, imní agus uaignis i gceist le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ealaíona, cruthaitheacha agus cultúrtha.
- Thug daoine níos sine, a bhíodh rannpháirteach agus nach bhfuil rannpháirteach níos mó, le fios go raibh a gcaighdeáin saoil níos ísle agus a leibhéil dúlagair, struis, imní agus uaignis níos measa i gcomparáid leo siúd atá rannpháirteach faoi láthair.
- Is iondúil gurbh iad na mná a bhíonn rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ealaíona, cruthaitheacha agus cultúrtha seachas fir, le 62% de na mná ina rannpháirtithe i láthair na huaire nó ina rannpháirtithe san am a caitheadh i gcomparáid le 46% de na fir.
- Bíonn daoine níos sine le hoideachas tríú leibhéal cúig huaire níos dóchúla a bheith rannpháirteach i gcomparáid leo siúd le leibhéal oideachais bunscoile.
- Tá rátaí rannpháirtíochta níos airde i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath agus rátaí níos ísle i gcontaetha tuaithe amhail Ciarraí, an Cabhán, Muineachán agus an Iarmhí.

Sa bhliain 2023, thacaigh Clár Éire Ildánach trína chomhpháirtithe sna húdaráis áitiúla le tionscadail chruthaitheacha ar fud na tíre a thug rannpháirtíocht do dhaoine níos sine i ngníomhaíocht chruthaitheach. Áiríodh orthu seo, suirbhé ar na toibreacha beannaithe i gCeatharlach, ceardlanna ar fhéinmharú ar na margaí feirmeora sa Chlár, ceardlanna ealaíne duine le duine dóibh siúd atá ag maireachtáil le néaltrú i nDún Laoghaire/Ráth an Dúin, féile cheoil agus ealaíne seanré i gCaisleán Shoird agus "Rincí Tae sa Chupán Ceoil" i nGaillimh.

Thacaigh Clár Cruthaitheachta do Dhaoine níos Sine Éire Ildánach freisin le clár cuimsitheach de léiriú beo ceoil i socrúcháin cúraim i gCeatharlach, Corcaigh, Dún na nGall, Fine Gall, Gaillimh, Luimneach, an Clár, Tiobraid Árann, an Longfort, an Cabhán, Uíbh Fhaillí, Baile Átha Cliath Theas, Port Láirge, an Iarmhí agus Comhairle Contae Phort Láirge. Trí ghlacadh leis an méid a bhí foghlamtha ó thorthaí a bhí an-dearfach sna tionscnaimh píolótacha Oideasaithe Shóisialta, thacaigh Éire Ildánach le hidirghabhálacha cruthaitheacha nua i nDún na nGall, Maigh Eo agus i nDún Laoghaire/Ráth an Dúin. Tá siad seo deartha le haonrú sóisialta a bhriseadh agus cuidiú le naisc shóisialta a chruthú agus féinmhuinín agus roghanna saoil níos folláine a fhorbairt.




Daoine Aosta Chluain Meala
Íomhá le John D. Kelly

# Gniomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide



Bailte Oibrithe
Íomhá le Evelyn Darcy

# Seolann an Rialtas Ciste Nua €3m um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide




https://www.youtube.com/watch?v=3j8_GP_tAMs&list=PL2-KLa3Lx79Auz1uUZUxBo02Jl7cglyys

# Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

*Ní féidir rathúlacht an chéad tionscnaimh maidir le Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide a shéanadh. Bhí na chéad 15 thionscadal fuinniúil, tuisceanach agus uaillmhianach. Mar sin féin, is í an uaillmhian gan staonadh i leith athrú stuama i measc na ndaoine siúd a bhí rannpháirteach ná fíorluach an tionscnaimh. Creidim go gcuirfidh na tionscadail atá á seoladh againn inniu tuilleadh treallúis faoin athrú.*
— Catherine Martin

€5.8 milliún

*Ghníomhú ar son na hAeráide go Cruthaitheach II – Gníomhairí an Athraithe*

Tar éis rathúlacht an Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide sa bhliain 2001 de chuid Éire Ildánach agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; d'fhógair an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le Roinn an Taoisigh 43 faighteoir rathúil don *Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide go Cruthaitheach II – Gníomhairí an Athraithe* arbh fhiú €5.8 milliún é. Tacaíonn an tionscnamh seo le tionscadail chruthaitheacha, cultúrtha agus ealaíonta a chuireann leis an bhfeasacht ó thaobh athrú aeráide agus a chuireann ar chumas saoránaigh athruithe iompraíochta stuama a dhéanamh.

Tá *Ciste II um Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide: Gníomhairí an Athraithe* uathúil mar go gceanglaíonn sé meon cruthaitheach le saineolaithe in eolaíocht aeráide, inbhuanaitheachta agus bithéagsúlachta. Fuarthas 239 iarratas don chiste ó scata mór disciplíní agus tionscail; ailtireacht, éascú cruthaitheachta, scannáin, dearadh rannpháirtíochta, na hamharc-ealaíona, oidhreacht chultúrtha, amharclann, dearadh seirbhísí, rince, litríocht, ceol, na healaíona traidisiúnta, féilte, sorcas, foilsitheoireacht agus preas agus réaltacht bhreisithe agus beochana.

Bunóidh na 43 faighteoir rathúil tionscadail a chlúdóidh Oileán na hÉireann, lena n-áirítear, 3 thionscal a fuair maoiniú faoi thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte (Aontroim, an Dún agus Fear Manach). Léigh tuilleadh anseo

Tacaíonn an ciste le tionscadail faoi dhá shnáithe. Tacóidh Snáithe 1, Ignite, le 19 dtionscadal idirdhisciplíneacha ar scála mór le rannpháirtíocht leathan phoiblí ar leibhéal náisiúnta. Beidh roinnt acu seo ar siúl go dtí an bhliain 2025. Léigh tuilleadh anseo

Déanfar maoiniú i Snáithe 2, Spark, ar 24 tionscadal atá níos lú chun píolótú a dhéanamh ar smaointe nua ó thaobh rannpháirtíocht phoiblí ar leibhéal áitiúil, pobail agus ar scála pobal um chleachtadh gníomhaíochta. Tabharfar na tionscadail seo chun críche faoi dheireadh na bliana 2024. Léigh tuilleadh anseo

# Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte le hÉire Ildánach 2023-2025



Rhyme Ireland Derry
Íomhá le Seán Downey

# Pobail Chruthaitheacha ar Oileán Comhroinnte




https://www.youtube.com/watch?v=ZhsaswipXAc

# Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte le hÉire Ildánach 2023-2025

Bhí an bhliain 2023 ar an gcéad bhliain a raibh Éire Ildánach rannpháirteach i dTionscnamh an Oileáin Chomhroinnte atá ag an Rialtas, tionscnamh a bhfuil sé mar chuspóir leis leas a bhaint as lánacmhainneacht Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhoibriú, caidreamh agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán agus dul i mbun rannpháirtíochta le gach pobal agus traidisiún le teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte.

Tá €6 mhilliún leithdháilte ar Chlár Éire Ildánach thar thréimhse trí bliana (2023-25) chun infheistíocht a dhéanamh inár gcuid clár tionscnamh cruthaitheachta ar bhonn Oileán Comhroinnte.

**€6 milliún**
do thionscnaimh an *Oileáin Chomhroinnte ó 2023-2025*

**Deiseanna Cruthaitheachta do Leanaí agus do Dhaoine Óga**
Tacófar le tionscnaimh shuaitheanta a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga ar fud an oileáin, tá tionscnaimh scríbhneoireachta cruthaitheachta bliana 'Story Seeds' bunaithe i gcomhpháirtíocht le Fighting Words Northern Ireland.

**Cruinniú na nÓg**
Ar mhaithe le cur le hacmhainneacht lá uile-oileánda cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga, rinneadh forbairt ar imeachtaí trasphobail a nascann daoine óga ón dá thaobh den teorainn le comhpháirtithe Chruinniú na nÓg, Irish Street Arts agus Circus le Circus Explored agus GMC Beats le Rhyme Island.

**Pobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte**
D'fhógair an tAire Martin €850,000 do 9 dtionscnamh chruthaitheacha nua trasteorann an 5 Deireadh Fómhair. Fuair dhá thionscadal €250,000 an ceann do thionscnaimh cheoil, rince agus cheardaíochta ar scála mór thar thréimhse 2 bhliain agus fuair 7 dtionscnamh €50,000 do thionscadail spriocdhírithe ina n-áirítear Lace Trail uile-oileánda a fhorbairt, Dementia Choir Recitals trasteorann, siúlóidí agus cainteanna feirme i Liatroim agus i bhFear Manach agus malartú cruthaitheach idir Béal Feirste agus Iarthar Chorcaí.

**Sláinte agus Folláine Ildánach**
Sheol Seachtain Inchinne Cruthaitheachta i gcomhpháirtíocht le hAosú Cruthaitheach Idirnáisiúnta, foilseachán ina dtugtar breac-chuntas ar ról ceannródaíoch na hÉireann i réimse Sláinte Inchinne ag imeacht comhstádais i mBéal Feirste i mí na Samhna.

**Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide**
D'fhógair an tAire Martin triúr faighteoir do mhaoiniú maidir le hOileán Comhroinnte faoi Scéim um Ghníomhú go Cruthaitheach ar son na hAeráide II – Gníomhairí an Athraithe an 14 Iúil 2023. Cuirfidh ciste an Oileáin Chomhroinnte €730,000 ar fáil idir 2023 agus 2025 do na tionscadail seo a leanas: (i) Divergently Together (ii) Shifting Tides agus Sea Change: Creative Coastal Conversations (iii) Creative Boardroom: Collaborate4Climate.



Sophie McCarthy, Cara Cullen, Sean Downey, Doire
Íomhá le GMC Beats

# Go raibh maith agat…

I gcóir tuilleadh eolais faoi Chlár Éire Ildánach téigh chuig
www.creativeireland.gov.ie

Lean muid ar na meáin shóisialta